

Treoir Ghearr don Chód Cleachtais um Idirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim

Chun sláine an chóid chánach a sheasamh, feidhmíonn na Coimisinéirí Ioncaim creat idirghabhálacha comhlíontachta chun freagairt chomhsheasmhach agus chéimnithe a sholáthar ar iompar cáiníocóra. Cuirimid deiseanna fairsinge ar fáil do cháiníocóirí chun rudaí a chur ina gceart agus chun botúin a cheartú go deonach. Déanaimid idirghabhálacha comhréireacha atá dírithe ar riosca mar fhreagra ar rioscaí aitheanta maidir le neamhchomhlíonadh féideartha.

Tá 3 leibhéal Idirghabhála Comhlíontachta ann. Míníonn na hailt seo a leanas go hachomair gach Leibhéal agus céard ba cheart duit a dhéanamh má chuirtear idirghabháil in iúl duit. Luafar go soiléir in aon fhógra faoi idirghabháil an bhfuil an Idirghabháil ag Leibhéal 1, 2 nó 3.

Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 1

Tá Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 1 deartha chun cabhrú le cáiníocóirí a bheith comhlíontach go deonach. Faoi Idirghabháil Leibhéal 1, féadtar le cáiníocóirí aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna comhlíontachta trí **Fhíneheartú** nó trí **Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha** a dhéanamh de réir mar is cuí.

Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 2

Féadfar Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 2 a dhéanamh mar **Athbhreithnithe Riosca** (go hiondúil athbhreithniú ar shaincheist cánach aonair) nó mar **Iníúchadh** níos doimhne ar do ghnóthaí cánach. Leagfaidh Fógra Leibhéal 2 amach cánacha agus tréimhsí faoi scrúdú. Tar éis fógra a thabhairt faoi Idirghabháil Leibhéal 2, ní fhéadtar leas a bhaint as Fhíneheartú ná **Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha** a dhéanamh. Féadtar, áfach, dul i ngleic le saincheisteanna comhlíontachta, pionóis a mhaolú, más infheidhme, agus foilsíú mar mhainnitheoir a sheachaint trí **Nochtadh Cáilitheach Spreagtha** a dhéanamh laistigh de 28 lá ón bhfógra, agus trí chomhoibriú go hiomlán le linn na hidirghabhála. Más mian leat nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh agus go dteastaíonn níos mó ná an fógra 28 lá a sholáthraíonn an litir fhógra uait, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 21 lá ón bhfógra chun 60 lá breise a lorg chun nochtadh cáilitheach spreagtha a thíolacadh.

Meastar go gcuirfead tús le **hAthbhreithniú Riosca** 28 lá tar éis dháta na Litreach Fógra. Cuirtear tús le **hIníúchadh** a luaithe a thosaímid ag scrúdú do leabhair agus do thaifid. I gcás Iníúchta, féadfaidh cáiníocóir nochtadh cáilitheach spreagtha a dhéanamh ar lá an iniúchta ach roimh ár scrúdú ar leabhair agus taifid.

Idirghabhálacha Comhlíontachta Leibhéal 3

Is é **Imscrúdú de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim** an Idirghabháil Comhlíontachta Leibhéal 3 agus de ghnáth tosaíonn sé le héifeacht ó dháta an fhógra. Níl aon deis ann Nochtadh Cáilitheach a dhéanamh ach féadfar pionóis a mhaolú go páirteach má chomhoibríonn tú go hiomlán leis an imscrúdú.

Céard ba cheart duit a dhéanamh nuair a fhaigheann tú fógra faoi Idirghabháil Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim?

Ba chóir duit leibhéal agus scóip na hidirghabhála a thabhairt faoi deara go cúramach, athbhreithniú a dhéanamh ar do thaifid agus machnamh a dhéanamh ar cheart duit Fhíneheartú nó Nochtadh Cáilitheach a thíolacadh.

Cóid Cleachtais

Le sonraí iomlána a fháil faoin gCreat um Idirghabháil Comhlíontachta, lena n-áirítear mínithe mionsonraithe ar gach cineál idirghabhála, deiseanna le haghaidh fhíneheartú nó nochtadh, nósanna imeachta a bhaineann le Liosta na Mainnitheoirí Cánach atá foilsithe go ráithiúil agus do chearta mar cháiníocóir le linn idirghabhála na gCoimisinéirí Ioncaim, léigh an Cód Cleachtais maidir le hidirghabhálacha Comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim, atá ar fáil ar ár suíomh idirlín ag

<https://www.revenue.ie/ga/tax-professionals/documents/code-of-practice-revenue-compliance-interventions.pdf>

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.